EAGRÁN 22 EANÁIR 2012

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Athbhliain faoi sheán agus faoi mhaise agaibh. Ins an eagrán seo den Nuachtlitir caitheann muid súil siar ar na tionscnaimh a bhí idir láimhe againn i 2011.

Ar an 28ú Deireadh Fómhair rinne an tAthair Seán Ó Nuadhain beannú speisialta i Naíonra Ghleann na Muaidhe ag ócáid chomórtha deich mbliana na seirbhíse. Cuireann an naíonra, atá dá reachtáil ag an bpobal áitiúil, seirbhís réamhscoile trí Ghaeilge ar fáil do pháistí an cheantair. (tá tuilleadh faoi seo ar leathanach 8)

Eagraíodh aonach ceardaíochta san ionad pobail i nGleann na Muaidhe ar an 10ú Nollaig chun deis a thabhairt do mhuintir na háite a gcuid ceardaíocht a thaispeáint agus a dhíol. Tá sé beartaithe tuilleadh ócáidí mar seo a eagrú ag brath ar éileamh.

We wish you all a happy and healthy new year. In this issue of the Newsletter we glance back on the projects which were undertaken in 2011. Naíonra Ghleann na Muaidhe, a community-run Irish language pre-school service, celebrated its tenth anniversary with a special blessing which was performed by Fr. Sean Noone on 28th October. (see page 8 for full story)

A craft fair was held in Glenamoy community centre on 10th December to showcase local crafts and festive fare including paintings, jewellery, woollen and crochet items, Irish Christmas cards, gingerbread houses and Christmas baking. If you would like further details on any of these items please contact Comhar Dún Chaocháin Teo (details on page 2).

*** Nuachtlitir Áitiúil * A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Súil Siar / Annual Review	3 – 7
Naíonra / Tenth Anniversary Stragege	8 – 9
Ómós do Mhicheál Ó Seighin	10

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Micheál de Búrca
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Séamus Ó Murchú, Uinsíonn Mac Graith agus Diana Ní Thailliúr.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

Siúl Siar / Annual Review

Ag cruinniú cinnbhliana Chomhar Dún Chaocháin Teo sa Seanscoil ar an 9ú Samhain rinne an bainisteoir Treasa Ní Ghearraigh cur i láthair ar obair na bliana 2011.

Tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ar cheann de na príomhspriocanna atá ag an gcomharchumann. Léiríonn 'An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sna Gaeltachtaí' go bhfuil dúthshlán roimh pobail agus eagraisí stáit atá ag feidhmiú sna ceantracha Gaeltachta an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga pobail i bhfianaise a phráinní is atá an staid reatha teanga. Eagraítear cúrsaí Gaeilge agus seirbhísí aistriúcháin in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile, áit a bhfuil acmhainní tacaíochta foghlama ar nós leabhair, téipeanna, fiseáin agus bogábhar ríomhaireachta le fáil ag scolairí, grúpaí áitiúla foghlama agus grúpaí a thugann cuairt ar an gceantar le Gaeilge a fhoghlaim nó le taighde a dhéanamh. Faoi láthair tá dhá chúrsa de Theastas Eorpach na Gaeilge faoi lánsheol i. cúrsa B1 (meán leibhéal) oíche Dé Máirt agus cúrsa A1 (bun leibhéal) oíche Deardaoin.

Is comórtas náisiúnta é Glór na nGael a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige teanga agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú. Nuair a fógraíodh torthaí an chomórtais i 2011 bhí Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin i measc na mbuaiteoirí. Bronnadh Duais Chumann na Sagart ar an gcoiste ag ócáid speisialta i dTeach Chartron, Má Nuad i mí Aibreáin.

I measc na spriocghrúpaí a dhéanann an comharchumann freastal orthu tá páistí réamhscoile. Is seirbhísí réamhscoile trí Ghaeilge iad Naíonra Dhún Chaocháin, atá lonnaithe sa Seanscoil, agus Naíonra Ghleann na Muaidhe atá lonnaithe in ionad tacaíochta teaghlaigh i nGleann na Muaidhe. Faigheann na tograí cúraim leanaí seo airgeadú faoin gClár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo comhairle ar fáil chomh maith. Rinne an tAthair Seán Ó Nuadhain beannú speisialta i Naíonra Ghleann na Muaidhe i mí Dheireadh Fómhair ag ócáid chomórtha deich mbliana na seirbhíse.

I mí Iúil agus Lúnasa eagraíodh campaí samhraidh i gCeathrú Thaidhg agus san Inbhear i gcomhar le Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. Is í an Ghaeilge an teanga feidhme sna campaí, a chuireann imeachtaí siamsaíochta, oideachaisiúil agus cultúrtha ar fáil do pháistí bunscoile an cheantair.

Leis na hathraithe atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar shaol an phobail tá gá le scileanna nua a fhoghlaim nó barr feabhas a chur ar na scileanna atá ag daoine cheana féin sa gcaoi is go mbeidh deis níos fearr acu fostaíocht a aimsiú nó a ngnóthaí féin a bhunú. Eagraíodh agus rinneadh freastal ar roinnt cúrsaí oiliúna i rith na bliana ina measc Traenáil Inseirbhíse Réamhscoile i gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo agus Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo; Teastas Eorpach na Gaeilge i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad atá páirt-mhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta; agus cúrsa ríomhaireachta a bhí páirt-mhaoinithe ag Coiste Gairmoideachais Chondae Mhaigh Eo.

Tá Siúlóidí Ceathrú Thaidhg (Lúb na Trá, Lúb Chlann Lir agus Lúb an Chlaí Dhuibh) ag mealladh cuairteoirí isteach sa gceantar. Ag tosnú amach agus ag críochnú ó lárionad na Seanscoile, tá gach siúlóid treormharcáilte le dath difrúil ag brath ar a dianacht. Déanann clár eolais agus bróisiúr dá-theangach ildaite cur síos ar sonraí na mbealaí agus ar phointí suimiúla. Agus é ag déanamh léargais ar shiúlóid Chlann Lir san Irish Independent, ba léir go ndeachaigh áilleacht an cheantair go mór i bhfeidhm ar an iriseoir Christopher Sommerville nuair a scríobh sé "What unrolled over the next couple of hours was one of the most breathtakingly wild and beautiful coastal walks I've ever encountered". Eagraíodh siúlóidí treoraithe i rith na bliana.

Is feachtas féin-chabhrach Na Comhluadair Bheo i dtreo bhonneagartha eacnamaíochta agus cultúrtha na háite a neartú. Sé aidhm na gluaiseachta ná próifil an cheantair mar tháirge nó mar cheann scríbe turasóireachta a ardú i measc tíortha Eorpacha mar An Fhrainc agus an Ghearmáin agus líon na dturasóirí a mhéadú. Tá suíomh cuimsitheach idirlíne ina ghné thabhachtach den bhfeachtas margaíochta atá le feiceáil ag www.gaeltacht.info áit a bhfuil rogha pacáistí saoire le fáil chun freastal ar ghrúpaí éagsúla.

Rinne Diana Taylor, atá ar an Scéim Fostaíochta Pobail, obair breise ar an suirbhé ar iarsmaí seandalaíochta an pharóiste, áit ar aimsigh sí go leor láithreáin spéisiúla, tuamaí meigiliteacha san áireamh. Ar chuireadh ón gcoiste, thug an Dochtúir Stefan Bergh ó Roinn na Seandalaíochta, Ollscoil na hÉireann Gaillimh cuairt ar an gceantar i mí Bealtaine le scrúdú a dhéanamh ar chuid de na hiarsmaí seo.

Tionóladh Féile Lúnasa, mórfhéile tuaithe ag comóradh oidhreachta, cultúir agus traidisiúin spóirt Chill Chomáin, in ionaid éagsúla ar fud an pharóiste i mí Lúnasa. I measc na n-imeachtaí a bhí ar an gclár bhí taispeántas grianghrafadóireachta dar teidil 'Muintir Dhún Chaocháin, siúlóid seandalaíochta, seisiúin cheoil, banríon agus rí na féile arl. Ba iad Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, Comhar Dún Chaocháin Teo agus Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg eagraithe na féile.

Thug dhá ghrúpa scoláirí Meiriceánacha ó Scoil Thraenála Idirnáisiúna Bhaile Átha Cliath, in éineacht lena stiúrthóir acadúil Aeveen Kerrisk, cuairt ar an bparóiste i mí Feabhra agus i mí Meán Fómhair. Chas na scolairí, atá ina bhfochéimí ó ollscoileanna éagsúla sna Stáit Aontaithe, le daoine atá páirteach i bhforbairt pobail agus i gcúrsaí timpeallachta sa pharóiste.

Tá plean oibre timpeallachta an chomharchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. I measc na hoibreacha a cuireadh i gcrích i 2011 bailíodh bruscair ar thránna, ag na teampaill agus i mbaile Cheathrú Thaidhg mar chuid de bhfeachtas Glantachán Earraigh An Taisce, rinneadh forbairt ar áit pháirceála carranna taobh le céibh na Rinne Rua agus rinneadh obair chothabhála ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg.

Nuair a d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil, Phil Ó hÓgáin, gradaim an Chósta Ghlais 2011 i mí Meithimh ainmníodh trá Phort a' Chlóidh i measc na dtránna a bhain an gradam náisiúnta timpeallachta seo amach. Tá an gradam bunaithe ar thimpeallacht neamhmhillteach, caighdeán ard uisce a chomhlíonann treoracha an Aontas Eorpach agus áilleacht nádúrtha.

Bhí Margadh Feirmeoirí Iorrais ar bun i gCearnóg Chartúir i mBéal an Mhuirthead chuile Shatharn i rith an tSamhraidh. Tugann an margadh deis do dhaoine áitiúla dul i mbun táirgíochta agus seans do chaiteoirí bia úr, séasúrach agus caighdeánach ó cheantar Iorrais a bhlaiseadh - glasraí, uibheacha cearca agus lachan, ábhar bácála, iasc, luibheanna agus plandaí beaga, táirgí feamainne agus miasa réamhullmhaithe san áireamh. Bhí deis ag daoine an margadh a fheiceáil ar chlár TG4 'An Samhradh Linn' i mí Lúnasa.

Ar an 12ú Lúnasa rinne an tAthair Seán Ó Nuadhain seoladh oifigiúil ar an leabhar nua-fhoilsithe "Seanteampall Chill Chomáin i bPoll a' tSómais". Déanann an leabhar, atá foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo agus curtha le chéile ag Uinsíonn Mac Graith agus Treasa Ní Ghearraigh, cur síos ar stair an teampaill a shíneann ó luath sa Tréimhse Críostaí síos go dtí an lá atá inniú ann. Bronnadh cuid den airgead a bailíodh ó dhíolachán an leabhair ar Choiste Teampall Pholl a' tSómais,

chun obair chothabhála a dhéanamh ar an teampall. Tá an leabhar le fáil i Siopa hÉalaí i mBarr na Trá, ag oifig an phoist Ros Dumhach agus i Siopa Chiaráin i mBéal an Mhuirthead.

I Meán Fómhair eagraíodh Oíche Chultúir Náisiúnta faoi choimirce Taisce Chultúrtha Barra Teampaill, i gcomhair le heagraíochtaí cultúrtha ar fud na tíre. 'Séard a bhí i gceist ná ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas cultúrtha agus ealaíne na tíre agus deiseanna a chur ar fáil don bpobal a bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla. Ghlac cúig ionad is fiche ar fud Mhaigh Eo páirt san imeacht, Comhar Dún Chaocháin Teo ina measc. Cuireadh taispeántas grianghraif ar bun sa Seanscoil, áit a raibh deis ag daoine taisteal siar ar bhóithrín na smaointe. Níos moille bhí oíche airneáin i gcomhluadar Vincent Mc Grath agus ceoltóirí ó ar fud an chondae.

Eagraíodh aonach ceardaíochta san ionad pobail i nGleann na Muaidhe ar an 10ú Nollaig chun deis a thabhairt do mhuintir na háite a gcuid ceardaíocht a thaispeáint agus a dhíol. Tá sé beartaithe tuilleadh ócáidí mar seo a eagrú ag brath ar éileamh.

I rith na bliana thacaigh an coiste le feachtas Guth na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge chun na scéimeanna Gaeltachta a choinneáil agus cuireadh achainí chuig ionadaithe tofa ar an ábhar. Eagraíodh lá oscailte in ionad pobail na Seanscoile i mí Aibreáin chun deis a thabhairt don phobal iad féin a chur ar an eolas ar ról an chomharchumainn i bhforbairt pobail.

Ba mhaith le Comhar Dún Chaocháin Teo buíochas a ghlacadh leis na heagraisí seo a leanas a chuidigh leis i 2011 agus tá súil againn leanacht leis an gcomhoibriú i 2012:- An Roinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Comhairle Chondae Mhaigh Eo, Údarás na Gaeltachta, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, Foras Chroí na hÉireann, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo, Barnardos, Fáilte Ireland, Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo, Glór na nGael Teo, Óige na Gaeltachta Teo agus Coiste Gairmoideachais Chondae Mhaigh Eo.

At the Annual General Meeting of Comhar Dún Chaocháin Teo in the Seanscoil on 9th November last the Manager Treasa Ní Ghearraigh gave a progress report for 2011.

The promotion and preservation of the Irish language is one of the main objectives of the comharchumann (co-op). The study 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht – A Comprehensive Linguistic Study on the use of Irish in the Gaeltacht' illustrates the challenge facing communities and state agencies operating in Gaeltacht areas to preserve the Irish language, in light of the evidence of its decline as a community language. Irish language courses and Irish translation services are organised in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile (Language Centre) where a special-purpose training room houses a library of learning resource materials including books, tapes, videos and computer software. Two European Certificate in Irish courses are currently underway with Level B1 (intermediate) held on Tuesday nights and Level A1 (for beginners) on Thursday nights.

Glór na nGael Teo is a national organisation which focuses on the development and preservation of the Irish language and culture. Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin, was the recipient of Duais Chumann na Sagart in the annual Glór na nGael competition. The award was presented at a special function in Cartron House, Maynooth in April.

Among the target groups catered for by the comharchumann are pre-school children. Naíonra Dhún Chaocháin in Ceathrú Thaidhg and Naíonra Ghleann na Muaidhe in Glenamoy are both community run, Irish language pre-school services which provide for the needs of children and their parents in these areas. These childcare projects currently receive funding from the Irish Government under the National Development Plan 2007 - 2013 through The National Childcare Investment Programme. The Health Services Executive, Mayo County Childcare Committee and Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo also provide assistance and advice. In October Fr Sean Noone performed a special blessing of Naíonra Ghleann na Muaidhe to celebrate its tenth year of childcare provision.

In July and August Irish Summer Camps, which offer recreational, educational and cultural activities for local primary school children, were organised in Ceathrú Thaidhg and Inbhear in conjunction with Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, with the assistance of funding received from Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta.

Lifelong learning and the acquisition of new skills is an ongoing process. A number of training courses were organised and attended during the year including Pre-School Inservice Training in conjunction with Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo and Mayo County Childcare Committee; Teastas Eorpach na Gaeilge in conjunction with The Languages Centre, University College Maynooth and part-funded by Údarás na Gaeltachta; and a computer skills course part-funded by Mayo V.E.C.

The Ceathrú Thaidhg loop walks (Lúb na Trá, Lúb Chlann Lir and Lúb an Chlaí Dhuibh) continue to attract visitors to the area. Starting and finishing at the Seanscoil community centre, each loop is waymarked and colour-coded according to its level of difficulty. A bi-lingual information board and brochure provide details on trail directions and points of interest en route. In a feature in the Irish Independent writer and journalist Christopher Sommerville described the Clann Lir walk as '… one of the most breathtakingly wild and beautiful coastal walks I've ever encountered". Guided walks were organised during the year.

Na Comhluadair Bheo is a self-help initiative towards the economic and cultural revitalisation of the area. Its aim is to raise the profile of the area as a tourism product or destination particularly among European countries such as France and Germany. To help achieve this, a website has been designed which can be viewed at www.gaeltacht.eu where a choice of holiday packages is available to cater for visiting groups.

An archaeological survey of the parish was updated by Diana Taylor, a participant on the community employment scheme. The survey unearthed a number of previously undocumented sites including possible megalithic tombs. At the invitation of the committee, Dr. Stefan Bergh from the Department of Archaeology, National University of Ireland Galway visited the area in May to examine some of these monuments.

Féile Lúnasa, a community festival celebrating the heritage, culture and sporting tradition of Cill Chomáin, was held in various venues throughout the parish in August. The programme of activity included a photographic exhibition entitled 'Muintir Dhún Chaocháin, an archaeological walk, music sessions, festival king and queen etc. The event was organised by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, Comhar Dún Chaocháin Teo and Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg.

Two groups of American students from the School for International Training Dublin, accompanied by academic director Aeveen Kerrisk, visited the parish in February and again in September as part of their academic studies in Ireland. The students, who are undergraduates from a variety of universities in the US, met with various individuals who are involved in community and environmental development within the parish.

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. Some of the works carried out over the past year include refuse collection at local beaches, graveyards and in Ceathrú Thaidhg village as part of An Taisce's National Spring Clean initiative, the development of car parking facilities adjacent to the pier at Rinn Rua and maintenance work on the Ceathrú Thaidhg walks.

When the Minister for the Environment, Community and Local Government Phil Hogan announced the 2011 Green Coast Awards in June, Port a' Chlóidh beach was named as one of the recipients of this national

environmental award. The award is based on a pristine environment, excellent water quality which complies with E.U. regulations, and natural beauty.

Margadh Feirmeoirí Iorrais (Erris Farmers Market) was held in Carter Square, Béal an Mhuirthead, every Saturday during the summer. The market provides a forum for local producers to develop new food initiatives and offers consumers the opportunity to savour fresh, seasonal produce from the Erris area including vegetables, free range hen and duck eggs, home baking, fish, herbs & small plants, seaweed products and prepared dishes. In August the market featured on the TG4 programme 'An Samhradh Linn'.

On the 12th August a book on Kilcommon / Poll a' tSómais old graveyard entitled "Seanteampall Chill Chomáin" was officially launched by Fr. Sean Noone. Researched and compiled by Uinsíonn Mac Graith and Treasa Ní Ghearraigh, and published by Comhar Dún Chaocháin Teo, the book documents the graveyard's long history and is dedicated to all who are buried there. Part of the proceeds from the sale of the book were presented to the Poll a' tSómais graveyard committee to assist with the upkeep of the graveyard. The book is now available at Healys' in Barr na Trá, at Rossport Post Office and in Careys' Newsagents, Belmullet.

The Temple Bar Cultural Trust, in association with cultural organisations throughout the country, organised a National Cultural Night in September. The aim of the initiative was to celebrate the cultural and artistic richness of Ireland and to give communities an opportunity to partake in various activities. Twenty five venues in County Mayo participated including Comhar Dún Chaocháin Teo, which organised a photographic exhibition in the Seanscoil followed by a night of traditional music in the company of Vincent Mc Grath and musicians who travelled from different parts of the county to take part.

A craft fair was held in Glenamoy community centre on 10th December to showcase local crafts and festive fare including paintings, jewellery, woolen and crochet items, Irish Christmas cards, gingerbread houses and Christmas baking. In the current economic climate it is important to support local producers.

During the year the committee supported Guth na Gaeltachta and Conradh na Gaeilge's campaign to retain Gaeltacht schemes and made representations to public representatives on the matter. An open day was organised in the Seanscoil in April inviting the community to drop in and familiarise themselves with the comharchumann's services and programme of work.

Comhar Dún Chaocháin Teo would like to thank the following agencies for their assistance in 2011 and looks forward to their continued co-operation in 2012:- The Department of Arts, Heritage and Gaeltacht Affairs, Mayo County Council, Údarás na Gaeltachta, Mayo Sports Partnership, The Irish Heart Foundation, The Department of Health and Children, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, The Health Services Executive, County Mayo Childcare Committee, Barnardos, Fáilte Ireland, Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo, Glór na nGael Teo, Óige na Gaeltachta Teo and Mayo Vocational Education Committee.

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

COMÓRADH DEICH mBLIANA / TENTH ANNIVERSARY CELEBRATION

Ar an 28ú Deireadh Fómhair rinne an tAthair Seán Ó Nuadhain beannú speisialta i Naíonra Ghleann na Muaidhe ag ócáid chomórtha deich mbliana na seirbhíse. Cuireann an naíonra, atá dá reachtáil ag an bpobal áitiúil, seirbhís réamhscoile trí Ghaeilge ar fáil do phaistí san aoisghrúpa 2 bl 10 mhí go dtí 5 bl. 'Sí an aidhm atá aige ná (i) seirbhís cúraim leanaí d'ardchaighdeáin a sholáthar (ii) cabhrú le forbairt iomlán an pháiste a chur chun cinn trí mhodh an t-súgartha ag tacú le ról na dtuismitheoirí i bhforbairt agus in oideachas an pháiste agus (iii) deis agus tacaíocht a thabhairt don pháiste óg an Ghaeilge a shealbhú go nadúrtha.

Cuireann an clár solúbtha súgartha, atá bunaithe ar na séasúir, béim ar fhorbairt iomlán an pháiste – forbairt fisiciúil, intleachtúil, shóisialta, teanga, chognaíochta agus samhlaíochta. Eagraítear gníomhaíochtaí mar súgradh le gaineamh agus uisce, péinteáil, ceardaíocht, staidéar dúlra, cluichí samhlaíochta agus tógála, scéalaíocht, amhránaíocht chomh maith le himeachtaí fisiciúla sa ghairdín súgartha. Eagraíonn an fhoireann cháilithe Máire Cáit Uí Mhurchú, Máire Uí Ghearbháin agus Betty Uí Dhéagánaigh na gníomhaíochtaí seo i dtimpeallacht atá fairsing, sábháilte agus spreagúil do pháistí.

Áiritear sa scéim ard-chaighdeáin an clár súgartha **Loinnir**, an plean teanga **Borradh** agus na scéimeanna caighdeáin náisiúnta don luathoideachas **Síolta** agus **Aistear**. Déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cigireacht ar an Naíonra faoi Acht Um Chúram Leanaí 1991 agus Rialachán Um Chúram Leanaí 2006. Tugann Coiste Chúram Leanaí Chondae Mhaigh Eo agus oifigeach forbartha Chomhar Naíonraí na Gaeltachta Teo comhairle agus tacaíocht don choiste agus don fhoireann le hárdchaighdeán a chothú.

Faigheann an togra cúraim leanaí seo airgeadú faoin gClár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Faoin Scéim Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail faigheann an naíonra fóirdheontas a chuireann ar a chumas táillí laghdaithe a thairiscint do thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste. Cuirtear an Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige ar fáil chomh maith, a chuireann bliain réamhscoile shaor in aisce ar fáil do pháistí a chomhlíonann coinníollacha na scéime. Scór páiste atá cláraithe sa naíonra don téarma 2011/12.

Ghlac an Cathaoirleach Michelle Uí Dhéagánaigh buíochas leis na daoine agus na heagrais a chuidigh leis an naíonra thar na blianta go mórmhór iad seo a leanas:- Mná Ghleann na Muaidhe Teo., Comhar Dún Chaocháin Teo, Seosamh agus Máire Ó Muileach, Bríd Uí Lionaird (iar-chomhairleoir le Forbairt Naíonraí Teo), an tAltaire Ken Armstrong, an tógálaí Kieran Mac Donmhnaill, Údarás na Gaeltachta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Patti Standún (oifigeach forbartha le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo), An Roinn Sláinte agus Leanaí, Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo, Treasa Nic Aindriú, Assumpta Nic an Rí agus Scéim Fostaíochta Pobail FÁS. Luaigh sí go háirithe an sár-obair a rinne an coiste Agnes Uí Rudaigh, Betty Uí Dhéagánaigh, Treasa Ní Ghearraigh agus Martina Uí hÉalaí i mbunú agus i riaradh na seirbhíse. Glacadh buíochas le páistí na scoile náisiúnta a bhí i láthair, agus leis an Athair Seán as an mbeannú speisialta. Ba mhaith leis an gcoiste aitheantas a thabhairt d'obair na scéime Shóisialta Tuaithe chomh maith.

Naíonra Ghleann na Muaidhe, a community-run Irish language pre-school service, recently celebrated its tenth anniversary with a special blessing which was performed by Fr. Sean Noone on 28th October last. Chairperson Michelle Uí Dhéagánaigh described how the naíonra aims to provide a quality childcare service while supporting the role of the parents in the development and education of the child, and also to provide the young child with the opportunity and support to acquire Irish naturally. The service operates five days per week where children from 2 years 10 months to 5 years of age enjoy a broad and stimulating programme of activity,

progressing naturally at their own pace under the guidance of a dedicated team of three staff - Máire Cáit Uí Mhurchú, Máire Uí Ghearbháin and Betty Uí Dhéagánaigh.

Since it was first set up the naíonra has gone from strength to strength and there are currently 20 children on the register. The service was initially operating from the nearby community centre and in September 2005 children and staff moved into a new purpose-built childcare facility. This project received funding from the Irish Government and was part-financed by the European Structural Funds under the National Development Plan 2000 - 2006 through the Equal Opportunities Childcare Programme, for which the committee is extremely grateful.

The naíonra's main source of funding comes from the National Childcare Investment Programme which falls under the remit of The Department of Health and Children and is funded by the Irish Government under the National Development Plan 2007-2013. The service operates both the Community Childcare Subvention Scheme (CCSS) and The Early Childhood Care and Education (ECCE) Scheme. The latter provides a free pre-school year for children who meet the required criteria.

The Chairperson thanked the following individuals and agencies for their support:- The Glenamoy Womens Group Ltd., Comhar Dún Chaocháin Teo, Joe and Mary Mills, Bríd Uí Lionaird (former advisor with Forbairt Naíonraí Teo), Ken Armstrong Architect, Kieran Mc Donnell Construction Ltd., Údarás na Gaeltachta, The Health Service Executive, Pattie Standún (development officer with Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo), The Department of Health and Children, Mayo County Childcare Committee, Teresa Mc Andrew, Assumpta King and The FÁS Community Employment Scheme. She also paid tribute to the immense work of the original committee members Agnes Ruddy, Betty Deane, Treasa Ní Ghearraigh and Martina Healy, without whom the service would not have been developed. A special word of thanks was extended to the children of Scoil Náisiúnta Ghleann na Muaidhe for attending and to Fr Seán for making the occasion so memorable. The committee would also like to acknowledge the work of the Cill Chomáin Rural Social Scheme.

Guíonn muid gach rath ar Naíonra Ghleann na Muaidhe sna blianta atá amach romhainn.

I láthair ag ócáid chomórtha deich mbliana an naíonra bhí baill an choiste bainistíochta agus foireann na seirbhíse (ó chlé) Michelle Uí Dhéagánaigh (Cathaoirleach), Martina Uí hÉalaí (Cisteoir), Treasa Ní Ghearraigh (Rúnaí), Máire Uí Ghearbháin (Stiúrthóir Cúnta), Agnes Uí Rudaigh, Máire Cáit Uí Mhurchú (Stiúrthóir) agus Betty Uí Dhéagánaigh (Cúntóir).

Grianghraif / Photographs: Uinsíonn Mac Graith

ÓMÓS DO MHICHEÁL Ó SEIGHIN Ó CHONRADH NA GAEILGE



Bhronn Conradh na Gaeilge gradam ar Mhicheál Ó Seighin ag oíche ómóis i Halla Íde, i Luimneach, áit a raibh Uachtarán an Chonartha Donncha Ó hAodh i láthair. Is in oirdheisceart Luimnigh a rugadh agus a tógadh Micheál agus bhí a ghaolta agus a chairde i láthair ag an gceiliúradh. Tá aithne náisiúnta agus idirnáisiúnta air de bharr chonspóid Thogra Gáis na Coiribe agus cuireadh príosún air mar dhuine de 'Chúigear Ros Dumhach' sa mbliain 2005. Fear ildánach é agus iománaí sciliúil a bhí ann ina óige. Is iar-mhúinteoir meánscoile é a thóg an ceol óna mhuintir agus tá bailiúchán suntasach déanta aige ar sheanamhráin agus seanchas. Ó chuir sé faoi i gCeathrú Thaidhg, tar éis dó Caitlín Ní Dhochartaigh a phósadh, chuir sé spéis i bhforbairt pobail agus bhí baint mhór aige le bunú Chomhar Dún Chaocháin Teo, an comharchumann forbartha pobail. Tá an gradam tuillte go maith ag Micheál agus guíonn muid gach rath air sna blianta atá amach romhainn.

The Limerick branch of Conradh na Gaeilge presented Micheál Ó Seighin with an achievement award at a special function in Halla Íde, in the presence of the Conradh's President Donncha Ó hAodh. Micheál, who was born and reared in Gleann Bruacháin in southeast Limerick, was surrounded by family and friends on this memorable occasion. Micheál became known nationally and internationally through his involvement in the Corrib Gas protest and was one of the 'Rossport Five' who were imprisoned in 2005. Accomplished in many fields, he was a skilled hurler in his youth. A former secondary school teacher, he inherited his music skills from his family and over the years has collected a comprehensive range of traditional songs and folklore. Following his marriage to Caitlín Ní Dhochartaigh, he settled in Ceathrú Thaidhg, taking an active interest in community development and was instrumental in setting up Comhar Dún Chaocháin Teo, the community development co-operative. This award is well deserved and we wish Micheál the best of luck in the years ahead.

Sa ghrianghraf tá Seán Ó Morónaigh (Conradh na Gaeilge Luimnigh) ag bronnadh ghradaim speisialta ar Mhicheál Ó Seighin ag oíche ómóis dó i Halla Íde. Ar chlé tá Máirtín Mac Donnchadha (iar-chraoltóir le Raidió na Gaeltachta agus 'fear a' tí' ar an oíche)